Glór Cheatharlach

Tá Aisteoirí an Lochrainn réidh don stáitse!

Bunaiodh Aisteoirí an Lochrainn, compántas drámaíochta amatéarach, i gCeatharlach sa bhliain 1990. 'Séard a bhí ar intinn ag muintir an chompántais áirithe seo ná drámaí a léiriú trí Ghaeilge. Mícheál Mac Gloinn agus a bhean chéile Gráinne a bhí taobh thiar den choiste bunaithe.

Léirigh an grúpa roinnt mhaith drámaí thar breis is deich mbliana ach d'imigh an compántas i léigh sa bhliain 2003. Tá an-áthas ar Glór Cheatharlach a fhógairt go bhfuil Aisteoirí an Lochrainn ar ais ar an saol. Tá meascán d'iarbhaill an ghrúpa chomh maith le haisteoirí nua faoi stiúir na léiritheoirí Con Ó Cróinín agus Ronán Mac Raois tar éis an dráma greannmhar 'Dúirt Bean Liom' a ullmhú don stáitse. Is leagan Gaeilge é den dráma 'Spreading The News' a scríobh Lady Gregory. Deineadh an chéad léiriú den dráma in amharclann Halla an Bhaile an tseachtain seo caite agus tabharfar é chuig an Amharclann Axis i mBaile Munna amárach an Déardaoin. Léifeofar arís é mar chuid d'oíche mhór drámaíochta dhátheangach i gcomhar leis an Carlow Little Theatre Society a chuirfear i láthair in Amharclann G.B. Shaw ar Dé Máirt, 12 Aibreán ag tosnú 8.00i.n. agus ar mhaithe le ciste tógála Oispís Chontae Cheatharlach. Cuirfear fáilte roimh thacaíocht an phobail agus beifear ag súil le teach lán. Tuilleadh eolais ó Glór Cheatharlach ar 085 1340047, 059 9158105 nó eolas@glorcheatharlach.ie

Aisteoirí an Lóchrainn réidh chun 'Dúirt Bean Liom' a léiriú ar an stáitse.

An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa agus a fear céile Máirtín ag éisteacht leis an bpríomhoide Aingeal Uí Dhálaigh ag fearadh fáilte rompu chuig Gaelscoil Eoghain Uí Thuairisc.

Cuairt an Uachtaráin ar Ghaelscoil Cheatharlach

B'iontach an ócáid a bhí i nGaelscoil Eoghain Uí Thuairisc an tseachtain seo caite nuair a fearadh céad míle fáilte roimh Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa agus a fear céile Máirtín chun na scoile. Bhí an t-uachtarán i láthair chun saothar ealaíne na ndaltaí a bhí curtha i gcrích faoi Scéim Céatadán Ealaíne na Scoile a nochtadh. Bhí gach páiste ó naíonáin bheaga go rang a sé páirteach sa tionscnamh ealaíne seo inar deineadh mionshamhail as cré-umha chun gnéithe uile de shaol na scoile a léiriú. Dóchas is teideal don tionscnamh agus tá an saothar le feiceáil i gclós na scoile.

Cuireadh fáilte fhlaithiúil roimh an uachtarán le ceol, amhránaíocht agus drumadóireacht. Bhí bratacha agus buintín ildaite ag foluain, bláthanna cumhra ar fud na háite agus gach áit lastigh agus lasmuigh ag glioscarnach. Tar éis na seachtainí d'ullmhúcháin agus de chleachtaí bhí an lá mór tagtha! A leithéid de sceitimíní, d'iontas agus d'áthas a bhí le feiceáil ar aghaidheanna na bpáistí, gan trácht ar na múinteoirí agus pobal uile na scoile. Is trí Ghaeilge a ritheadh an ócáid. Tar éis fáilte chroíúil an phríomhoide, Aingeal Uí Dhálaigh agus fáilte cheolmhar na ndaltaí thug an tUachtarán aitheasc dearfach, spreagúil, bríomhar don slua ollmhór a bhí bailithe le chéile i halla mór agus ar shiúltáin na scoile. Mhol sí saothar agus foirfeacht na scoile agus spreag sí iad chun aghaidh a thabhairt ar an todhchaí le dóchas agus misneach ina gcroíthe. Bronnadh bláthanna agus píosaí dealbhadóireachta ar an uachtarán agus ar a fear céile mar chuimhneachán ar an gcuairt.

Roimh imeacht di ghlac an t-uachtarán le cúpla ceist ón stáisiún raidió áitiúil Kclr96fm agus is mar seo a d'imigh an t-agallamh.

Agallamh leis an Uachtarán Ceist 1. A Uachtaráin, is léir go gcuireann tú an-bhéim ar chuairteanna chuig scoileanna agus chuig grúpaí pobail, an dtaitníonn an gné seo de d'uachtarántacht leat?

Uachtarán: Gan dabht. Taitníonn na cuairteanna seo go mór liom agus tógann siad mo chroí. Níl cuthail ná ceannfaoi le feiceáil i measc na bpáistí ná i measc na ngrúpaí pobail. Ardaíonn siad mo chroí. Bíonn siad ag obair go dian. Bíonn siad dearfach. Bíonn siad dóchasach. Is iad san a thógann mo chroí i gcónaí. Tá sé chomh simplí leis sin!

Ceist 2. Táimid i measc na gcéadta de pháistí óga anseo inniu. Páistí atá líofa sa Ghaeilge, is dócha go n-aontófa?

Uachtarán: Is fíor duit. Tá siad líofa agus tá siad foirfe i ngach slí mar cheoltóirí, mar ealaíontóirí, mar dhrumadóirí, mar chumadóirí. Tá siad foirfe amach is amach.

Ceist 3. A Uachtaráin, agus tú tar éis máistreacht a fháil ar an teanga tú féin tugann tú deashampla agus misneach dúinn uile ach cén comhairle a thabharfá do dhaoine fásta atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim?

Uachtarán: Déan deifir! Sin an méid. Déan deifir mar tá fáilte Uí Cheallaigh ag fanacht romhat. Tá saol saibhir ag fanacht leat. Tá spraoi, tá ceol, tá filíocht ag fanacht leat. Stair na hÉireann agus cultúr na hÉireann ag fanacht leat. Níl mé ábalta cur síos foirfe a dhéanamh air ach tá saol lán agus saibhir ann duit. Mar sin, déan deifir!

Críoch: Uachtarán na hÉireann, go raibh maith agat as labhairt liom.

Uachtarán: Tá fáilte romhat. Tá fíor fáilte romhat.

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach
Carlow Gateway Business Centre
Bóthar Átha Í, Ceatharlach. (059) 9158105 / (085) 1340047
emma@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

LEIGHLINBRIDGE EXTRA

LEIGHLIN DRAMA
Congratulations to the junior drama group and their friends the junior brass band for their recent wonderful performances. Thank you to Joanne Donohue, VEC, Co Carlow Community Partnership, Darren Donohue tutor, Fr Lalor, the school principal, the parents' committee and all the parents. Drama will commence again this coming September.

MOLAISE DAY
A prayer service will be held at the Cathedral and Holy Well, Old Leighlin on Monday 18 April, Molaise Day, at 7.30pm. All are invited.

LOVE WHERE YOU LIVE
National Spring Clean gets underway during April, and to assist you to 'love where you live' Carlow Local Authorities will refund the hire of one mini size skip for one day to approved groups during the month. Community organisations, tidy towns groups, residents associations and schools are qualify for this initiative, and skips must only be used for clean up of litter and communal green spaces only. Please remember that abuse of this scheme will disqualify groups from further participation. If you want your area included, please contact John or Jannette on 059 9136210/36203 or email: jobrien@carlowcoco.ie or jmcdarby@carlowcoco.ie before this coming Friday 8 April.

Lucky winners in school draw

Myshall/Fenagh

CONTACT: MICHAEL KELLY TEL: 087 2414036
EMAIL: DAWNREDWOOD@EIRCOM.NET

Drumphea NS PTA held its school building project draw on Saturday 26 March in High Nellies Pub. The following are the lucky winners: 1st Ciaran Abbey, Myshall; 2nd prize Tom Byrne, Augha; 3rd Martain Moore, Knockdrumagh; 4th Brendan Lawlor, Ballinrush; 5th Sean Esmonde, Fighting Cocks; 6th Ms McGee, Tullowland. The seller's prize was won by Lisa Nolan. The committee wishes to thank all who supported the fundraiser in any way and the support of all is much appreciated.

THE LATE NANCY SMITHERS
Sympathy is extended to the family and friends of Nancy Smithers, Ullardmore, Myshall who died recently.

MYSHALL GAA LOTTO
The jackpot just keeps getting bigger, and it currently stands at €8,200 for tonight's draw. There were ten match-three winners last week, but no jackpot winner. The numbers drawn were 7, 8, 9, 18. The ten match-three winners each received €20: Antonette Foley, Miltown; Kenneth Murphy, Fenagh; Lisa Gorman, Knockindrane; John Foley, Miltown; Emma McGrath, Ballintemple; Nolan children, Ballinrush; Kathleen Fitzgerald, Myshall; Mark and Aoife Minchin, Miltown; Betty Nolan, Kylemaglush; and Mary Condon c/o J Fonelon. Seller's prize was won by Foley's shop, Miltown. This week's draw will take place tonight, Tuesday 5 April, in High Nellie's Pub, Miltown at 10.30pm, and remember, if you are not in you can't win.

MYSHALL DAFFODILL DAY
A coffee morning organised by Myshall Daffodill Day supporters in Roberts' Lounge raised €842 for the Irish Cancer Society and the Carlow Kilkenny Homecare Team. The organising committee wishes to thank all who supported them in anyway

ICA SUMMER TRIP
Myshall ICA Guild has organised its annual summer tour and will head to Killarney for four days and nights, staying at the Gleneagle Hotel and Leisure Centre. The trip takes place from Sunday to Thursday, 12-16 June. The trip is great value at just €330, which includeds bus, dinner, B&B and tours each day. For more details and booking, contact Ann on 087 9404194 or Mary on 059 97727411

TEA PARTY FUNDRAISER
Borris Vocational School is holding an Americian Tea Party in the school hall on Friday 8 April at 8pm.
Please contact Tony Kenny on 059 9727867 or Ber Murphy on 087 6476469 or 059 9727912 if you are interested in either hosting a table or purchasing tickets.